

# FLEADH FEIRSTE 10

**4/12/2019 - 8/12/2019**




CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

## Focal Foirne

Agus deireadh 2019 ag druidim linn, tá muid ag tarraingt ar dheireadh bhliain mhór eile cheiliúrtha: cothrom 100 bliain ó bunaíodh an Chéad Dáil, 50 bliain ó bunaíodh Gaeltacht Bhóthar Seoighe agus 10 mbliana ó chéad Fhleadh Feirste!

Is fleadh faoi leith í Fleadh Feirste a léiríonn bunluachanna an phobail Ghaelaigh in iarthar na cathrach mar atá an chomhpháirtíocht, an chomhbhá agus an chomhghuaillíocht. Tá lúcháir orainn go dtáinig grúpaí éagsúla le chéile leis an chlár ildaite, ildánach agus ilchineálach a chur faoi bhur mbráid. Is de thoradh an chomhoibrithe sin a d'éirigh linn clár imeachtaí a chur le chéile a thugann léargas ar phobal fuinniúil, flúirseach, Gaelach na Ceathrún Gaeltachta agus na gceantar máguaird.

Is cinnte go mbíonn pobal Ghaeltacht Bhóthar Seoighe ina síorspreagadh ag pobal Gaeilge na cathrach seo agus ag pobail níos faide i gcéin agus tá clár na bliana seo go mór faoi anáil an phobail cheannródaíoch sin mar atá le sonrú in imeachtaí ar nós Oíche Airneáil Ghaelphobal Feirste, Léacht agus Dinnéar 'Cothaigh' arna eagrú ag Forbairt Feirste agus turas staire Chonradh na Gaeilge, gan ach dornán a lua.

Beidh ceol binn Ghráinne Holland le cloisteáil in Áras Uí Chonghaile agus beidh an sárghrúpa Albanach Dàimh ar an ardán anseo sa Chultúrlann. Ar a bharr sin beidh maidin bhlaiseadh caife galánta i gcaifé An Lón Dubh, Raidió Fáilte. Díreofar spotsolas ar na scríbhneoirí fosta nó seolfar dírbheathaisnéis an ghníomhaí teanga agus pobail Jake Mac Siacais le linn na Féile, mar aon le Rita & an Ninja le Máire Zepf, an 5ú leabhar i sraith iomráiteach Rita. Agus más áil libh an dúlra, gabhaigí chuig seoladh an togra timpeallachta is oidhreachta, Faoi Scáth



an tSléibhe, i nGael-Ionad Mhic Goill.
Is ag Aonach Nollag Choláiste Feirste a bheas scoth na bhféiríní galánta ar fáil agus beidh scléip na Nollag chun tosaigh go mór sa gheamaireacht, Seán agus an Gas Pónaire, agus i seó Nollag Aisling Óg. Is ag an tseó sin a bhronnfar an gradam úr, Gradam Sheáin Mhic Sheáin, ar dhuine de na páistí. Beidh an fear mór sa chulaith dhearg ar cuairt fosta, ar ndóigh, agus bronnfar píosa ealaíne leis an ealaíontóir nótáilte Andrew Whitson ar bhuaiteoir chomórtas ealaíne na scoileanna. Aoi thar a bheith speisialta a lasfaidh soilse na Nollag dúinn i mbliana – Dáithí Mac Gabhann, Gael óg ó iarthar Bhéal Feirste agus laoch an fheachtais 'Is Deontóir Mé'. Is é croí na Féile é Dáithí agus is mór an onóir dúinn é a bheith linn.
Cé go mbeidh an Cheathrú Ghaeltachta faoi sholas is faoi spiorad na Nollag le linn na Fleidhe, ní dhéanfar neamhiontas dá bhfuil ag tarlú sa tsaol mór nó beidh Cormac Ó hEadhra (Nuacht a hAon RnaG) ag craoladh beo ón Chultúrlann agus olltoghchán Westminster á phlé aige.

Is léiriú é Fleadh Feirste ar dhíograis an phobail ildánaigh chruthaithigh atá inár dtimpeall agus tá an pobal sin faoi anáil agus faoi chomaoin mhór i gcónaí ag muintir Bhóthar Seoighe, an mhuintir a shoilsigh an bealach dúinn agus a shoilsíonn go fóill.

## A Word from the Team

We're immersed in a time of commemorations and celebrations at the moment with many historic dates being remembered across the country. This year, we're drawing to the close of another big year: 100 years since the first Dáil, 50 years since the Shaw's Road Gaeltacht was established and 10 years since the first Fleadh Feirste!

Fleadh Feirste demonstrates the core values of the Irish language community in the west of the city: working together and common mission. We're delighted that various groups have come together to produce this versatile and varied programme. It's because of this partnership that we were able to put together a programme of events that represents the creative, energetic, generous Irish language community in the Gaeltacht Quarter.

Fifty years on, the Shaw's Road Gaeltacht community remain an inspiration to Irish language communities in this city and further afield. In many ways, this programme reflects their influence with an Oíche Airneáil that celebrates the Irish language community in Belfast, the annual 'Cothaigh' dinner organised by Forbairt Feirste, and a historical bus tour of significant sites relating to the Irish language organised by Conradh na Gaeilge, to mention but a few events.

The beautiful music of Gráinne Holland will be heard in Áras Uí Chonghaile and the fantastic Scottish group Dàimh will take to the stage here in an Chultúrlann. A must too is the coffee tasting morning in An Lon Dubh café, Raidió Fáilte. The best of new literature will be showcased with the launch of the memoir of the community and language activist Jake Mac Siacais and the launch of the much anticipated Rita agus an Ninja, the fifth installment of the renowned Rita series by Máire Zepf. For those with an interest in nature, a new environmental heritage project – Faoi Scáth an tSléibhe – will be launched in Gael-Ionad Mhic Goill.

Coláiste Feirste will be hosting a Christmas Fayre - a great place to start your Christmas shopping. The Christmas panto, Seán agus an Gas Pónaire, promises all sorts of high jinks as does the Aisling Óg Christmas Show. As part of the show, our new award, Gradam Sheáin Mhic Sheáin, will be presented to one young person who shows a flair for drama. The big man in the red suit will be visiting the Cultúrlann and the winner of our schools' art competition will be announced.
We're honoured to welcome a special guest to switch on the Cultúrlann Christmas lights – Dáithí Mac Gabhann, a young Gael from west Belfast and hero of the 'Is Deontóir Mé' campaign.

Though the Ceathrú Ghaeltachta will be awash with the light and spirit of Christmas, we won't be ignoring developments in the wider world. As we look towards a general election here, Cormac Ó hEadhra (RnaG) will be hosting a live broadcast of the News at One on the Westminster election, giving a chance to local people to share their opinions.

All of the events in this programme are a testament to the hard work of our multi-talented and creative community and that community is forever beholden to the people of the Shaws Road Gaeltacht who showed us the way and continue to do so.

## Ar Aon Amharc | At A Glance

| **Dáta \| Date**<br>Am \| Time | **Imeacht \| Event**<br>Áit \| Place |
|---|---|
| **04/12/2019**<br>12:00pm | **Seoladh Fhleadh Feirste \| Fleadh Feirste launch**<br>Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **04/12/2019 – 06/12/2019**<br>10:30am | **Geamaireacht \| Panto: Seán agus an Gas Pónaire**<br>Amharclann, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **04/12/2019**<br>7:00pm | **Oíche Airneáil: Gaelphobal Feirste trí amhráin, scéalta agus ceol**<br>Amharclann, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **05/12/2019**<br>10:30am | **Doras go Dubhais \| A Door to Divis**<br>Raidió Fáilte |
| **05/12/2019**<br>7:00pm | **Gráinne Holland in Áras Uí Chonghaile**<br>Áras Uí Chonghaile |
| **06/12/2019**<br>11:00am | **Maidin Bhlaiseadh Caife le White Star Coffee**<br>An Lon Dubh, Raidió Fáilte |
| **06/12/2019**<br>1:00pm | **Aisling an Phobail: Seoladh Preab-Spás Ealaíne \| Launch of pop-up art installation**<br>Geataí Choláiste Feirste, Ard na bhFeá |
| **06/12/2019**<br>8:00pm | **Dàimh le Brighde Chaimbeul & Edel Ní Churraoin**<br>Amharclann, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **07/12/2019**<br>11:00am | **Claochlú Cultúir agus an Conradh: Turas Gaelach Phobal Feirste**<br>Bualadh le chéile \| Meet @ Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **07/12/2019**<br>12:00pm | **Geamaireacht \| Panto: Seán agus an Gas Pónaire**<br>Amharclann, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **07/12/2019**<br>1:00pm | **Seoladh Leabhair: Ón Taobh Istigh le Jake Mac Siacais**<br>Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **07/11/2019**<br>3:15pm | **Seó Nollag Aisling Óg \| Aisling Óg Christmas Show**<br>Amharclann, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **07/12/2019**<br>7:00pm | **Cothaigh: Léacht agus Dinnéar Bliantúil \| Annual Lecture and Dinner**<br>Bia, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **08/12/2019**<br>1:00pm | **Cuairt ó Dhaidí na Nollag \| Visit from Santa Claus**<br>Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **08/12/2019**<br>3:00pm | Seoladh Leabhair \| **Book Launch: Rita agus an Ninja**<br>Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **08/12/2019**<br>5:00pm | **Lasadh Shoilse na Nollag \| Switching on the Christmas Lights**<br>Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **08/12/2019**<br>8:00pm | **Céilí na Nollag \| Christmas Céilí**<br>Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |

## Seoladh Fhleadh Feirste 2019
## Launch of Fleadh Feirste 2019

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **04/12/19** |
| **Am \| Time:** | **12:00pm** |
| **Costas \| Cost:** | **Saor in aisce \| Free admission** |
| **Áit \| Place:** | **Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |



Bígí linn d'oscáilt oifigiúil Fhleadh Feirste 2019 ina gcuirfidh muid tús spleodrach le ceiliúradh 10 mbliana den fhleadh. Tá muid ag dúil le caint ó aoi speisialta agus beidh méaróga bia agus fíon, scoth an cheoil agus neart eile. Seolfar an fhleadh le gig ghalánta a bhuí le Cumann Ceoil Thraidisiúnta Choláiste Ollscoile Naomh Muire.

Join us for the official opening of Fleadh Feirste 2019 where we will kick off the celebrations of 10 years of the fleadh! We're looking forward to a talk from a special guest and there will be tasty finger food, wine, fantastic music and more. The launch will be followed by a gig courtesy of St Mary's University College Society of Traditional Music.

## Geamaireacht | Panto:
## Seán & an Gas Pónaire

**Taispeántas Scoile | School Showing**

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **04/12/19 – 06/12/2019** |
| **Am \| Time:** | **10:30am – 11:15am** |
| **Costas \| Cost:** | **£3.00 an páiste / per child** |
| **Áit \| Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |




Léiriú Teaghlaigh | Family Showing

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **07/12/2019** |
| **Am \| Time:** | **12:00pm – 12:45pm** |
| **Costas \| Cost:** | **£4.00 an duine \| per person** |
| **Áit \| Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |
| **Ticéid \| Tickets:** | **Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |

Geamaireacht don teaghlach ar fad í seo le neart ceoil, damhsa agus siamsaíochta. Insítear scéal Sheáin is na daoine a gcasann sé orthu, idir Chinnín Óir, Bhean Ní Mhoffat, an Fathach agus go leor eile, agus é ag dreapadh go barr an ghais pónaire. Le Dónall Mac Giolla Chóill, Conor Torbróid agus Drithle Nic Adhaimh. Arna scríobh agus arna léiriú ag Máire Andrews.

This is a panto for all the family with plenty of music, dancing and entertainment. It tells the story of Seán and the various characters he meets on his way to the top of the beanstalk including Goldilocks, Miss Moffat, the giant himself and many more. Starring Dónall Mac Giolla Chóill, with Conor Torbróid and Drithle Nic Adhaimh. Written and produced by Máire Andrews.



## Oíche Airneáil:
## Gaelphobal Feirste trí amhráin, scéalta agus ceol
## Belfast's Irish language community through song, story and music

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **04/12/19** |
| **Am \| Time:** | **7:00pm** |
| **Costas \| Cost:** | **£5.00 do TACA** |
| **Áit \| Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |

Is bliain thábhachtach í seo agus muid ag ceiliúradh cothrom caoga bliain ón ghníomh chinniúnach sin nuair a bhunaigh baicle de Ghaeil fhorásacha Gaeltacht Bhóthar Seoighe. Chuige sin, beidh oíche shiamsaíochta den chéad scoth againn le hamhránaíocht, scéalaíocht agus ceol ó mhuintir Ghaelphobal Feirste lena n-áirítear Beirt Píobairí; Beirt Scéalaithe, Gearóid Mac Lochlainn, Milène Fegan, Edel Ní Churraoin, Kathryn Ní Mhaoláin, Méadhbh Nic Aindreasa agus neart eile. Fáilte roimh rannpháirtithe eile ar an oíche: beir leat uirlis, scéal nó eile.

### Caoimhe Ní Chathail:

Is gníomhaí teanga, amhránaí agus scríbhneoir amhrán í Caoimhe de bhunadh Bhéal Feirste. Cuireann Caoimhe 'Ceol' Ní Chathail tús spleodrach leis an deireadh seachtaine ar BBC Gaeilge le ceol traidisiúnta,sonraí gigeanna agus seisiúin bheo iontacha.

It's a big year as we celebrate the fifty years since a group of committed and visionary Gaels came together to establish the Shaws Road Gaeltacht. We will have a night of fantastic entertainment with singing, story-telling and music from Belfast's Irish language community including Beirt Píobairí; Beirt Scéalaithe, Gearóid Mac Lochlainn, Milène Fegan, Edel Ní Churraoin, Kathryn Ní Mhaoláin, Méadhbh Nic Aindreasa and more. All are welcome on the night: bring your instrument, story or party piece of choice.

Caoimhe Ní Chathail: Our host Caoimhe is a language activist, singer and songwriter from Belfast. Caoimhe 'Ceol' Ní Chathail kicks off your weekend on BBC Gaeilge with the best of traditional music, gig information and fantastic live sets.



## Doras go Dubhais
## A Door to Divis

**Dáta | Date:** 05/12/19
**Am | Time:** 10:30am – 12:30pm
**Costas | Cost:** £2.50
**(Íoc ag an doras | Pay at the door)**
**Áit | Place:** Raidió Fáilte

Caint ar dhúchas agus ar stair cheantar pharóiste Naomh Peadar agus Íochtar na bhFál le Diarmuid Ó Breasláin.
Talk on the heritage and history of the parish of St. Peter's and the lower Falls Road area with Diarmuid Ó Breasláin.

fm 107.1 Raidió Fáilte www.raidiofailte.com





## Faoi Scáth an tSléibhe

**Dáta | Date: 05/12/19**
**Am | Time: 12:00pm – 2:00pm**
**Áit | Place: Gael-Ionad Mhic Goill**

**Tuilleadh eolais | More information: feargal@glornamona.com**

'Faoi Scáth an tSléibhe: ag nascadh pobail agus áit dhúchais i gCeantar an Uachtar Chluanaigh. Beidh Glór na Móna ag seoladh tionscadal úr oidhreachta agus staire maoinithe ag an Chrannchur Náisiúnta Oidhreachta, 'Faoi Scáth an tSléibhe: ag nascadh pobail agus áit dhúchais i gCeantar an Uachtar Chluanaigh.' Tá sé mar sprioc ag an tionscadal seo stair shóisialta, chultúrtha, nádúrtha agus timpe-allachta an cheantair a thochailt amach is a chíoradh. Déanfar iarracht an stair faoi cheilt seo a chaomhnú agus a fhorbairt mar acmhainn phobail a chothaíonn bród agus nasc sa phobal áitiúil leis an cheantar dúchais. Cuirfear Lón ar fáil ag an imeacht.

'Faoi Scáth an tSléibhe': Connecting People and Place in the Upper
Glór na Móna will launch their new Heritage Lottery Funded history and heritage project, 'Faoi Scáth an tSléibhe: Connecting People and Place in the Upper Springfield Area' which aims to uncover and explore the social, cultural, natural and environmental history of this proud working-class community. The project will preserve and showcase this hidden history as a valuable community resource that helps embed and strengthen the community's pride and con-nection to local place. Lunch with be provided at the event.



# Gráinne Holland in Áras Uí Chonghaile

**Ceolchoirm | Concert:**

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **05/12/2019** |
| **Am \| Time:** | **7:00pm** |
| **Costas \| Cost:** | **£10.00** |
| **Áit \| Place:** | **Áras Uí Chonghaile** |
| **Ticéid \| Tickets:** | **www.arasuichonghaile.com** |

Áras Uí Chonghaile
James Connolly Visitor Centre

Mar chuid de Fhleadh Feirste, tá lúcháir orainn fáilte a chur roimh Ghráinne Holland dár gcéad cheolchoirm in Áras Uí Chonghaile. Is iardhalta í de chuid Bhunscoil Phobal Feirste agus is í crann taca an cheoil i mBéal Feirste í. Is lomaí féile mhór a raibh sí páirteach ann agus ní beag líon na gcamchuairteanna atá déanta aici, sa bhaile agus thar sáile. Is léiritheoir rathúil í fosta agus tá 3 albam eisithe aici a fuair ardmholadh go forleathan: Teanga na nGael (2011), Gaelré (2015) agus Corcra (2019).

As part of Fleadh Feirste 2019 we are delighted to welcome Gráinne Holland to perform at our first ever concert in Áras Uí Chonghaile. Gráinne, past pupil of Bunscoil Phobal Feirste and champion of music in Belfast, has toured and performed at many major festivals both at home and abroad. She is also a successful producer and has released 3 critically acclaimed albums to date: Teanga na nGael (2011), Gaelré i(2015) and most recently Corcra (2019).



## Maidin Bhlaiseadh Caife
## Coffee Tasting Morning le White Star Coffee

**Dáta | Date:** 06/12/2019
**Am | Time:** 11:00am – 12:00pm
**Costas | Cost:** Saor in aisce | Free admission
**Áit | Place:** An Lon Dubh, Raidió Fáilte

Cuir preab i do chéim le samplaí de chaifí na cruinne le saineolaithe ó White Star agus ó chaifé 'An Lon Dubh'!
Beidh earraí ar díol ina dhiaidh: trealamh déanta caife sa bhaile agus, dar ndóigh, málaí den chaife féin!

Put a spring in your step with a sample of international coffees from the experts at White Star and An Lon Dubh café!
Goods for sale afterwards: coffee home brewing kits and, of course, bags of the coffee itself!

## Aisling an Phobail: Seoladh Preab-Spás Ealaíne
## Launch of Pop-up Art Installation

**Dáta | Date:** 06/12/2019
**Am | Time:** 1:00pm
**Costas | Cost:** Saor in aisce / Free of charge
**Áit | Place:** Geataí Choláiste Feirste, Ard na bhFeá | Gates of Coláiste Feirste, Beechmount

Ba mhór ag Forbairt Feirste tú a bheith i láthair nuair a dhéanfaidh muid seoladh ar phíosa ealaíne pobail: "Bóthar Seoighe- 50 Bliain ag fás". Déanann an píosa ealaíne seo comóradh ar an éacht stairiúil a rinne muintir Bhóthar Seoighe nuair a bhunaigh siad an chéad Ghaeltacht uirbeach 50 bliain ó shin, gníomh a spreag athbheochan na Gaeilge ní amháin i mBéal Feirste ach ar fud an oileáin.

Forbairt Feirste would be delighted if you could join us as we launch our public art installation "Bóthar Seoighe- 50 Bliain ag fás (Shaw's Road – 50 years agrowing)". This artwork is in celebration of the visionaries of Bóthar Seoighe who 50 years ago established the first urban Gaeltacht in Ireland and inspired the Irish language revival not only in Belfast but across the island.

Forbairt Feirste – Ag Fiorú na Ceathrún Gaeltachta | Department for Communities – www.communities-ni.gov.uk | Foras na Gaeilge

## Nuacht a hAon le Raidió na Gaeltachta



**Dáta | Date:** 06/12/19
**Am | Time:** 13:00 - 14:30pm
**Costas | Cost:** Saor in aisce | Free admission
**Áit | Place:** Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

Beidh Nuacht a hAon le Cormac Ó hEadhra ag teacht beo ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich. Beidh an clár ag díriú ar olltoghchán Westminster agus muid ag tabhairt aghaidh ar na bothanna vótála ar 12 Nollaig. Beidh painéal cainteoirí i gcuideachta Chormaic le plé a dhéanamh ar na toghcheantair agus ar na nithe is mó atá ag déanamh tinnis don phobal anseo. An lucht féachana a bheas linn ar an lá, beidh deis acu labhairt fosta agus a gcuid tuairimí a roinnt ar an aer!

Nuacht a hAon (One O' Clock News) with Cormac Ó hEadhra will be coming live from Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. The programme will be focusing on the Westminster election as we look to the voting booth on the 12th December. He will be joined by a panel of speakers to look at the constituencies and discuss the main issues for people here. There will also be a chance for the audience to speak and share their opinions on air!

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA



## Dàimh le Brighde Chaimbeul & Edel Ní Churraoin

**Ceolchoirm | Concert:**

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **06/12/2019** |
| **Am \| Time:** | **8:00pm – 11:00pm** |
| **Costas \| Cost:** | **£10.00** |
| **Áit \| Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |
| **Ticéid \| Tickets:** | **Eventbrite** |

### Dàimh

Is banna ceoil iad Dàimh atá lonnaithe i nGarbhchríocha Iarthar na hAlban. Ó phoirt is chora piriteicniúla go dtí bailéid thochtmhara, léiríonn siad gach cineál ceol tíre, agus is ceart go bhfuil clú agus cáil orthu as a gcuid seónna bríomhara.

Taking their name from the Gaelic word for kinship, the "Gaelic Super Group" Dàimh (pronounced 'dive') are based in the West Highlands of Scotland. From pyrotechnic jigs and reels to achingly poignant ballads, they run the full expressive gamut of folk music at its best, and are justly renowned for their thrilling live shows.

*"This is a great Gaelic band and definitely worthy of the title Gaelic Super Group."*

**BRIGHT YOUNG FOLK**

*"Dàimh have carved a reputation from the bedrock of Gaelic culture… authentic Gaelic music with a modern edge and a magnificent range of expression."*

**FOLKWORLD**





## Brighde Chaimbeul

Buaiteoir BBC Radio 2 Young Folk Award 2016 agus BBC Radio 2 Folk Horizon Award 2019, tá Brighde Chaimbeul, píobaire ón Eilean Sgitheanach, ar cheann de réaltaí úra na hAlban. Is cainteoir Ghaeilge na hAlban ó dhúchas í agus tá a stíl cheoil fréamhaithe ina teanga agus ina cultúr dúchais. Tarraingíonn sí inspioráid fosta ó réimse leathan stíleanna ar nós stíleanna Cheap Bhreatainn, oirthear na hEorpa agus na hÉireann.

Winner of the BBC Radio 2 Young Folk Award 2016 and the 2019 BBC Radio 2 Folk Horizon Award, Skye piper Brighde Chaimbeul is one of Scotland's fastest rising stars. A native Gaelic speaker, her style is rooted in her own language and culture, but draws inspiration also from a variety of piping traditions such as those of Cape Breton, Eastern Europe and Ireland.

## Edel Ní Churraoin

D'fhás Edel Ní Churraoin aníos i gConamara agus í sáite i dtraidisiún saibhir ceoil agus damhsa an cheantair sin. Is damhsóir ar an sean-nós í agus seinneann sí an fheadóg stáin agus an bosca ceoil.

Edel Ní Churraoin grew up immersed in the vibrant Connemara music and dance tradition. She is a sean-nós dancer and also plays the tin whistle and the button accordion.

## Claochlú Cultúir agus an Conradh: Turas Gaelach Phobal Feirste

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **07/12/2019** |
| **Am \| Time:** | **11:00am – 12:30pm** |
| **Costas \| Cost:** | **Saor in aisce \| Free admission** |
| **Áit \| Place:** | **Ag toiseacht agus ag críochnú ag Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**<br>**Meeting and finishing at Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |
| **Clárú \| Register:** | **cuisle@cnag.ie** |

Turas treoraithe timpeall Bhéal Feirste le hamharc ar stair fhada, shaibhir na Gaeilge sa chathair.
Bus trip around Belfast to look at the long, rich history of the Irish language in the city.

Conradh na Gaeilge

## Seó Nollag Aisling Óg agus Bronnadh Ghradam Sheáin Mhic Sheáin | Aisling Óg Christmas Show and Presentation of Gradam Sheáin Mhic Sheáin

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **07/12/2019** |
| **Am \| Time:** | **2:45 pm - 3:15pm** |
| **Costas \| Cost:** | **Saor in aisce \| Free of charge** |
| **Áit \| Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |

Tá Scoil Drámaíochta Aisling Óg ag súil go mór le torthaí ár gcuid oibre crua a léiriú dár gcairde agus dár dteaghlaigh sa seó Nollag seo. Bígí ag dúil le ceol, damhsa agus scéalaíocht. Tá cuireadh oraibh theacht isteach chugainn i ndiaidh cheardlann dheireanach an téarma le sult a bhaint as sárthaispeántas drámaíochta a léireoidh tallanna ár ndaoine óga.

Aisling Óg Drama School is very much looking forward to showing our friends and family the results of all our hard work in our Christmas Show. Expect music, dancing and storytelling. You're invited to join us after our final workshop of the term to enjoy a wonderful drama exhibition showcasing the talent of our young people.



## Gradam Sheáin Mhic Sheáin

Bronnfar Gradam Sheáin Mhic Sheáin ar aisteoir óg de chuid Scoil Drámaíochta Aisling Óg le haitheantas a thabhairt dá rannpháirteachas agus don dul chun cinn agus don fhorbairt atá déanta acu go dtí seo. Is mór an onóir dúinn bheith ábalta Gradam Sheáin Mhic Sheáin a bhronnadh ar dhuine óg agus baint nach beag ag Seán le forbairt phobal na Gaeilge in Iarthar Bhéal Feirste agus níos faide i gcéin. Tá bunú Ghaeltacht Bhóthar Seoighe ar cheann de bhuaicphointí forbartha na Gaeilge i gCathair Bhéal Feirste. Tá sé tráthúil go bhfuil pobal bunaithe na Gaeltachta sin ag ceiliúradh 50 bliain i mbliana, 2019. Tá ainm Sheáin, agus ainmneacha daoine eile, luaite le bunú tionscadail phobail ar nós Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus Choláiste Feirste. Is aisteoir é agus is é crann taca na n-ealaíon é fosta, agus is iomaí léiriú amharclainne a bhfuil baint nach beag aige leo.

Gradam Sheáin Mhic Sheáin will be presented to a young actor from the Aisling Óg Drama School in recognition of their progress, development and participation until now. We are very privileged to be able to present Gradam Sheáin Mhic Sheáin to a young person in testament to the strong links that Seán has with the Irish language community in Belfast and further afield. The establishment of the Shaw's Road Gaeltacht is one of the developmental highlights of the Irish language in Belfast. As it happens, the foundation of that Gaeltacht is celebrating 50 years this year, 2019. His name, along with others, is mentioned in connection with the establishment of community projects such as Cultúrlann McAdam Ó Fiaich and Coláiste Feirste. Seán is an actor and a champion of the arts who is closely linked to many Irish language theatre productions.



## Cothaigh: Léacht agus Dinnéar Bliantúil | Annual Lecture and Dinner

**Dáta | Date:** **07/12/2019**
**Am | Time:** **7:00pm**
**Costas | Cost:** **Saor in aisce | Free of charge**
**Áit | Place:** **Bia, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

Cuireadh amháin | Invitation only
Reáchtálann Forbairt Feirste léacht agus dinnéar bliantúil le linn Fhleadh Feirste ar mhórthéama na fiontraíochta agus na forbartha faoin teideal Cothaigh. Le cúpla bliain anuas tá scoth na bpríomhchainteoirí ardphróifíle idirnáisiúnta tugtha chuig an Cheathrú Ghaeltachta ag Forbairt Feirste.


Spreag na cainteoirí sin malartú fuinniúil smaointe, taithí agus ceachtanna a chuir go mór le múnlú
agus le treorú ár gcuid uaillmhianta. Is suntasach na deiseanna athghiniúna atá romhainn amach leis an chuid seo den chathair a chothú mar cheantar atá nua-aimseartha agus ina bhfuil saibhreas oidhreachta.

Forbairt Feirste host an annual lecture and dinner during Fleadh Feirste on the overarching theme of celebrating entrepreneurship and development, entitled Cothaigh from the Irish to nourish. Over the past couple of years Cothaigh has brought a selection of high profile and international keynote speakers to the Gaeltacht Quarter.

They have energised an exchange of ideas, experiences and lessons that have helped shape our ambition and our direction. The scale of the regeneration opportunity that lies ahead in nurturing this area as being both distinctly modern and rich in heritage is significant.

Forbairt Feirste
Ag Fiorú na Ceathrún Gaeltachta

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH




## Seoladh Leabhair | Book Launch: Ón Taobh Istigh le Jake Mac Siacais

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **07/12/2019** |
| **Am \| Time:** | **1:00pm** |
| **Costas \| Cost:** | **Saor in aisce \| Free admission** |
| **Áit \| Place:** | **Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |

Seolfaidh Gearóid Ó Muilleoir dírbheathaisnéis an Ghaeilgeora agus an Phoblachtánaigh Jake Mac Siacais mar chuid de Fhleadh Feirste 2019. 'Cad é a d'itheadh cimí poblachtánacha do dhinnéar na Nollag? Cén bhaint a bhí ag blas Bhéarla Dheisceart Dhoire le tús lochtach ar an agóid shalach? Cad chuige a bhfuil an Bíobla léite ó chlúdach go clúdach cúig huaire ag an údar, aindiachaí déanta ó bhí sé sna déaga? Tá na freagraí – agus a lán, lán eile – sa leabhar spleodrach spéisiúil spreagúil seo a thugann léargas cuimsitheach ón taobh istigh dúinn ar ghluaiseacht na poblachta agus ar ghluaiseacht na Gaeilge araon.'

Cuimsíonn scéal Mhic Siacais an tréimhse ó thús na 1960idí go dtí 2019 – tréimhse chorraitheach i saol na hÉireann.

An Ceathrú Póilí

COISCÉIM

Gearóid Ó Muilleoir will launch the autobiography of West Belfast Irish language activist and lifelong republican Jake Mac Siacais as part of Fleadh Feirste, The Belfast Gaeltacht Festival 2019.

'What did Republican prisoners eat for Christmas dinner? What has the south Derry English accent got to do with the false start to the Blanket Protest? Why would the author – a confirmed agnostic since his early teens – have read the bible five times from cover to cover? The answers – and a lot more besides – can be found in this intriguing, inspiring and insightful book, which gives us a comprehensive insight, from the inside, into the Republican Movement and the Irish Language Movement.'

Mac Siacais' memoirs cover the period from his earliest memories in the early 1960s right up until 2019 – a troubled time in Irish life.

**Cuirfear sólaistí ar fáil. / Refreshments served.**

## Cuairt ó Dhaidí na Nollag | Visit from Santa Claus:

**Dáta | Date:** 08/12/2019
**Am | Time:** 1:00pm – 2:30pm
**Costas | Cost:** £6.00 an páiste, £10.00 do bheirt nó £15.00 do theaghlach de thriúr nó níos mó
£6.00 per child, £10.00 for two or £15.00 for a family of three or more
**Áit | Place:** Na Ballaí Bána, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

Ná cailligí an deis bualadh le Daidí na Nollag agus é ag tabhairt cuairt ar Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus ar na páistí ar fad le Gaeilge! Gheobhaidh na páistí maithe uilig bronntanas deas ar an lá! Agus tú ag fanacht le bualadh leis an fhear é féin, thig leat sult a bhaint as ceardlann ealaíne spraíúil a bheidh ag tarlú ag an am chéanna.

Don't miss the chance to meet Daidí na Nollag while he is visiting Cultúrlann McAdam Ó Fiach and all the Irish-speaking children! All good children will get a wonderful present on the day! While you wait to meet the man himself there will be a fun art workshop also taking place.



## Seoladh Leabhair | Book Launch: Rita agus an Ninja le Myra Zepf

**Dáta | Date:** 08/12/2019
**Am | Time:** 3:00pm
**Costas | Cost:** Saor in aisce | Free admission
**Áit | Place:** Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

Tá Ríta agus an Ninja ar an chúigiú leabhar i sraith Rita, arna foilsiú ag An tSnáthaid Mhór, agus is cinnte go mbeidh seoladh an leabhair seo lán craice, croí agus cíí-aigh do na páistí beaga (agus móra) ar fad. Is cailín beag í Rita a bhfuil smaointe móra aici agus tá sí ag iarraidh bheith ina ninja. Bígí ann le scileanna ninja a thógáil agus le cóip den leabhar úrnua a fháil. Ba í Myra Zepf a scríobh agus ba é Andrew Whitson a mhaisigh.

Rita wants a Ninja is the fifth book in the Rita series published by An tSnáthaid Mhór and this launch is sure to be filled with the same craic, heart and mischief for both children and adults! Ríta is a little girl with big ideas and she wants to be a ninja. Be sure to join in to hone your own ninja skills and pick up a copy of this beautiful book. Ríta wants a Ninja is written by Myra Zepf and illustrated by Andrew Whitson.

An Ceathrú Póilí

An tSnáthaid Mhór
Irish publisher of content for children of all ages

## Lasadh Shoilse na Nollag | Switching on the Christmas Lights

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **08/12/2019** |
| **Am \| Time:** | **5:00pm** |
| **Costas \| Cost:** | **Saor in aisce \| Free admission** |
| **Áit \| Place:** | **Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |



Lasfar soilse na Nollag agus is cinnte go spreagfar spiorad na Nollag ionat. Beidh aoi speisialta againn i mbliana le soilse Nollag na Cultúrlainne a lasadh. Beidh Dáithí Mac Gabhann linn, buachaill óg ó iarthar Bhéal Feirste agus laoch an fheachtais 'Is Deontóir Mé'. Lasfaidh sé soilse na Nollag agus beidh deis ar an lá tuilleadh a fhoghlaim maidir leis an fheachtas le haghaidh deonú orgán agus le síniú suas ar chlár na ndeontóirí fosta. Ar a bharr sin, fógrófar buaiteoirí chomórtas ealaíne na scoileanna mar chuid de Fhleadh Feirste, agus beidh maróga Nollag blasta agus scailtín fíona ar fáil ó chaifé Bia chomh maith le ceol binn ó Chór Loch Lao.

The Christmas tree lights will be switched and it is sure to inspire Christmas spirit in you. We will have a special guest this year to switch on the Christmas light. Dáithí Mac Gabhann will be with us, a young boy from west Belfast and hero of the campaign 'Is Deontóir Mé'. He will switch on the Chritmas light and there will be a chance on the day to learn more about the organ donation campaign and to sign up to the organ donation register. In addition to that, the winners of our art schools competition as part of Fleadh Feirste will be announced and there will be delicious mince pies and mulled wine available from Bia café, in additional to festive music from Cór Loch Lao.

Is Deontóir Mé
Deonú Orgán
Yes I donate
ORGAN DONATION

## Céilí na Nollag | Christmas Céilí

| | |
|---|---|
| **Dáta \| Date:** | **08/12/2019** |
| **Am \| Time:** | **8:00pm** |
| **Costas \| Cost:** | **£6.00**<br>**Suipéar san áireamh**<br>**Supper included** |
| **Áit \| Place:** | **Amharclann Mhic Cionnaith,**<br>**Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** |



Bí linn do chéilí na Nollag s'againne agus ní bheidh lá aiféala ort. Tá an céilí seo ag fóirstean do gach leibhéal táithí. Bíonn bean a' tí, Claire, ar láimh i gcónaí le cuidiú le foghlaimeoirí leis na céimeanna. Bíonn ár gcuid ceoil beo agus deántar an suipéar a riar le linn an tsosa.

Join us for our Christmas Céillí and you won't regret it. This céilí is suitable for all abilities. Claire, our céilí caller, is always on hand to guide the dancers through the steps. Our music is live and supper is served during the break.




CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

## Partners

RTÉ Raidió na Gaeltachta · fm 107.1 Raidió Fáilte · An Lon Dubh Raidió Fáilte · Áras Uí Chonghaile James Connolly Visitor Centre · Conradh na Gaeilge · Coiscéim · Is Deontóir Mé Deonú Orgán Yes I donate Organ Donation · An Ceathrú Póilí · An tSnáthaid Mhór Irish publisher of content for children of all ages · Forbairt Feirste Ag Fíorú na Ceathrún Gaeltachta · Bia Bialann Restaurant · Glór na Móna Pobal & Óige · Fáilte Feirste Thiar Promoting West Belfast Tourism www.visitwestbelfast.com

## Funders

Principal Funder Arts Council of Northern Ireland · Lottery Funded · Comhairle Chathair Bhéal Feirste · Ag treisiú le togáil na Gaeilge An Ciste Infheistíochta Gaeilge · Department for Communities www.communities-ni.gov.uk · Foras na Gaeilge